**Ceist i gcomhair freagra ó bhéal O-000064/2021**
**ar an gCoimisiún**
Riail 136
**Eleonora Evi** (Verts/ALE), **Günther Sidl** (S&D), **Sarah Wiener** (Verts/ALE), **Emil Radev** (PPE), **Martin Buschmann** (NI), **Maria Noichl** (S&D), **Manuela Ripa** (Verts/ALE), **Niels Fuglsang** (S&D), **Marina Kaljurand** (S&D), **Ernest Urtasun** (Verts/ALE), **Sirpa Pietikäinen** (PPE), **Aurélia Beigneux** (ID), **Manuel Bompard** (The Left), **Annika Bruna** (ID), **David Cormand** (Verts/ALE), **Pascal Durand** (Renew), **Virginie Joron** (ID), **Caroline Roose** (Verts/ALE), **Chrysoula Zacharopoulou** (Renew), **Clare Daly** (The Left), **Tiziana Beghin** (NI), **Rosa D'Amato** (Verts/ALE), **Petras Auštrevičius** (Renew), **Tilly Metz** (Verts/ALE), **Anja Hazekamp** (The Left), **Leszek Miller** (S&D), **Sylwia Spurek** (Verts/ALE), **Jadwiga Wiśniewska** (ECR), **Francisco Guerreiro** (Verts/ALE), **Tudor Ciuhodaru** (S&D), **Malin Björk** (The Left), **Martin Hojsík** (Renew), **Michal Wiezik** (PPE), **Saskia Bricmont** (Verts/ALE), **Róża Thun und Hohenstein** (PPE), **Vlad Gheorghe** (Renew)

Ábhar: Toirmeasc AE ar úsáid ainmhithe fiáine i sorcais

Cuirtear iallach ar ainmhithe fiáine i sorcais iad féin a iompar ar bhealaí nach bhfacthas riamh sa nádúr agus cé go bhfuil cuid de na hainmhithe a tógadh i mbraighdeanas leis na glúnta, léiríonn siad fós an t-iompar a shamhlaítear le hainmhithe san fhiantas. Cuirtear as go mór i gcónaí do leas ainmhithe fiáine i sorcais.

Tá formhór na mBallstát den tuairim nach bhfuil aon luach oideachasúil ná cultúrtha ag baint le hainmhithe fiáine a úsáid i sorcais agus go bhféadfadh tionchar diúltach a bheith aige sin ar dhearcthaí an phobail i leith ainmhithe fiáine agus ar a n-urraim dóibh. Tá toirmeasc iomlán nó páirteach ar a n-úsáid glactha cheana féin ag 23 Bhallstát.

Ba cheart rialuithe sláinte maidir le gluaiseacht ainmhithe sorcais idir na Ballstáit a chur i bhfeidhm trí Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429. Léirítear i staidéir, áfach, go bhfuil sé deacair rialuithe a dhéanamh maidir le sláinte, trádáil agus seilbh ainmhithe fiáine i sorcais. Ina theannta sin, baineann úsáid speiceas atá i mbaol an bonn ó iarrachtaí idirnáisiúnta chun deireadh a chur le trádáil neamhdhleathach agus le póitseáil. Ós rud nach amháin go bhfuil sorcais ag bogadh formhór an ama, ach freisin go n-athraíonn siad a n-ainmneacha, tá sé deacair chun faireachán a dhéanamh ar bhreith agus bás ainmhithe faoi chosaint amhail tíogair a shíolraítear i mbraighdeanas[1]. Leis na deacrachtaí sin, éascaítear trádáil aindleathach speiceas atá i mbaol agus a mbaill choirp in AE, rud a chuireann cur chun feidhme éifeachtach rialacháin AE maidir le trádáil fiadhúlra i mbaol, lena n-áirítear Rialachán (CE) Uimh. 338/97 ón gComhairle.

Mar fhocal scoir, is minic a bhíonn taismí ann a bhaineann le ceansaitheoirí ainmhithe, le fostaithe sorcais agus leis an bpobal, mar gheall ar ainmhithe fiáine a úsáid i sorcais[2].

I gcomhréir leis an sainmhíniú a sholáthraítear le hAirteagal 4(1) den Treoir um Sheirbhísí, déantar sorcais taistil a aicmiú mar sheirbhís, ar seirbhís í a bhfuil an inniúlacht ag reachtóirí an Aontais í a rialú de bhun Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

An bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún toirmeasc a thabhairt isteach ar úsáid ainmhithe fiáine sorcais in AE chun a áirithiú go maolófar ar bhealach aonfhoirmeach ar fud na mBallstát an nochtadh do rioscaí na trádála neamhdhleathaí fiadhúlra agus do na rioscaí don tsláinte phoiblí agus don tslándáil phoiblí agus chun cabhrú le forfheidhmiú srianta náisiúnta i gcás fhormhór na mBallstát a bhfuil na srianta sin á gcur i bhfeidhm cheana acu?

Curtha síos: 11.10.2021

Spriocdháta i gcomhair freagra: 12.1.2022

[1] https://media.4-paws.org/4/1/e/b/41ebc3113a32239fa6ca2405f610c22fd86a4b23/Report_Europes-second-class-tigers_GA_FP-2020_1.pdf
[2] https://www.eurogroupforanimals.org/files/eurogroupforanimals/2021-08/E4A-Circus_Report-09-08-2021.pdf